II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/347 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2022

maidir le bláthola as petitgrain bigarade a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh speiceas áirithe ainmhithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhí agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) I gcomhréir le Treoir 70/524/CEE údaraíodh bláthola as petitgrain bigarade gan teorainn ama, mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe. Ina dhiaidh sin cuireadh an breiseán sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirge a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar bhláthola as petitgrain bigarade mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhithe.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí bláthola as petitgrain bigarade a údarú freisin lena húsáid in uisce óil. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear comhdhúile blaistithe a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid bláthola as petitgrain bigarade in uisce óil a cheadú.

(5) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha(IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

(6) Chinn an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ina thuairim an 5 Bealtaine 2021 ([3]) nach bhfuil tionchar díobhálach ag bláthola as petitgrain bigarade ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Chinn an tÚdarás freisin gur cheart a mheas gur greannaitheoir don chraiceann agus do na súile é an breiseán agus gur íogróir craicinn agus riospráide atá ann. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.

(7) Chinn an tÚdarás go bhfuil bláthola as petitgrain bigarade aitheanta mar bhlastán agus go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, is atá aige i mbia, mar sin meastar nach gá le héifeachtúlacht a léiriú a thuilleadh. D'fhíoraigh sé freisin an tuarascáil ar an modh a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(8) Léirítear leis an measúnú ar bhláthola as petitgrane bigarade go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(9) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun rialú níos fearr a cheadú. Go háirithe, ba cheart méid molta a shonrú ar lipéad an bhreiseáin beathaithe. I gcás ina sárófar an méid sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.

(10) Cé nach n-údaraítear bláthola as petitgrain bigarade lena húsáid mar bhlastán in uisce óil, ní chuirtear bac ar a húsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.

(11) Ós rud é mar gheall ar chúiseanna sábháilteachta nach bhfuil gá leis na modhnuithe a chur i bhfeidhm láithreach ar choinníollacha maidir le húdarú na substainte lena mbaineann, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe", údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint seo iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear an 22 Meán Fómhair 2022, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Márta 2022 féadfar leanúint ar aghaidh dá chur ar an margadh agus a úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Márta 2023, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 22 Márta 2022, féadfar leanúint ar aghaidh dá gcur ar an margadh agus a n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 22 Márta 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh 22 Márta 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á gcur ar an margadh agus á n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

([3]) EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(6):6624.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraithe	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
						mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha									
Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe									
2b136-eo	-	Bláthola as petitgrain bigarade	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bláthola as petitgrain bigarade a fhaightear ó dhuilleoga *Citrus aurantium* L. Foirm leachtach *Tréithriú na substainte gníomhaí* Bláthola as petitgrain bigarade a fhaightear trí ghaldriogadh ó dhuilleoga *Citrus aurantium* L. mar atá sainithe ag An Chomhairle Eorpach ([1]). Aicéatáit lionailile: 40–72 %. Lionaló-ól: 10–32 %. α-Teirpiníól: 1–7 %. d-Líomainéin: 1–6 %. Aicéatáit geiréinile: 1,5–5,5 %. Geréiniól: 1–4 %. Uimhir CAS: 8014-17-3 Uimhir Einecs: 283-881-6 Uimhir FEMA: 2855 Uimhir Chomhairle na hEorpa: 136	Sicíní lena ramhrú Béaróga Turcaithe lena ramhrú Muca lena ramhrú Bainbh Cránacha atá ag tál Laonna Ba déiríochta Eallaí lena ramhrú Caoirigh/ Gabhair Capaill Coiníní Salmainidí	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar den tsubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — Sicíní lena ramhrú: 10 mg. — Béaróga: 14 mg. — Turcaithe lena ramhrú: 13 mg. — Muca lena ramhrú: 20 mg. — Bainbh: 17 mg. — Cránacha atá ag tál: 25 mg. — Laonna (bainne púdrach): 43 mg.	22 Márta 2032

			Modh anailíse (2) Chun na marcóirí fíticheimiceacha *Aicéatáit lionailile* agus *Lionaló-ól* a chainníochtú sa bhreiseán beatha (bláthola as petitgrain bigarade) nó i meascán de chomhdhúile blaistithe: — crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin las-rach (GC-FID) (bunaithe ar ISO 8901)	Madraí Cait Éisc ornáideacha				— Eallaí lena ramhrú, caoirigh, gabhair agus capaill: 38 mg. — Ba déiríochta: 24 mg. — Coiníní: 15 mg. — Salmainidí: 42 mg. — Madraí: 44 mg. — Cait: 8 mg. — Éisc ornáideacha: 125 mg". 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	

(1) *Natural sources of flavourings - Report No. 2* [Foinsí nádúrtha bhlastán - Tuarascáil Uimh. 2] (2007)
(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports